



An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2015  
(OR. en)

10191/15

COEST 195

#### **TORADH NA nIMEACHTAÍ**

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 22 Meitheamh 2015

chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. 9972/15 COEST 185  
roimhe seo:

---

Ábhar: AN CAIDREAMH LEIS AN ÁISE LÁIR

- Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh don Áise Láir
- 

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh don Áise Láir mar a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) iad an 22 Meitheamh 2015.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais Eorpaigh don Áise Láir**

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 22 Meitheamh 2015**

1. Agus é ag breathnú ar an Áise Láir mar réigiún lena mbaineann tábhacht straitéiseach, tá gealltanais tugtha ag an Aontas Eorpach caidreamh láidir, buan agus cobhsaí a bhunú leis na cúig thír san Áise Láir. Is díol sásaimh don Chomhairle go ndearnadh dul chun cinn suntasach i ndáil le caidreamh an Aontais a fhorbairt leis an gCasacstáin, leis an gCirgeastáin, leis an Táidsíceastáin, leis an Tuircméanastáin agus leis an Úisbéiceastáin mar aon le réigiún na hÁise Láir ina iomláine, ocht mbliana tar éis Straitéis na hÁise Láir a ghlacadh. Agus béim á leagan aici ar an leas frithpháirteach suntasach a bhaineann le comhar méadaithe ar an leibhéal polaitiúil agus eacnamaíoch, athdheimhníonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas tiomanta do chaidreamh atá bunaithe ar phrionsabail na freagrachta agus na húinéireachta, a bhfuil sé d'aidhm leis forbairt chobhsaí, shlán agus inbhuanaithe an réigiúin a chothú.
2. Tá na príomhchuspóirí agus na príomh-réimsí tosaíochta, a leagtar amach i Straitéis 2007 an Aontais don Áise Láir, ábhartha i gcónaí. Agus an Straitéis á cur chun feidhme ag an Aontas, déanfaidh sé na ceachtanna a foghlaimíodh go dtí seo agus na hathruithe atá tagtha ar an réigiún, mar aon leis an riocht gheopholaitiúil atá ag athrú timpeall air, a chur san áireamh. Molann an Chomhairle go neartófaí na naisc trádála agus fuinnimh idir an tAontas agus tíortha na hÁise Láir agus go ndéanfaí an comhar maidir leis an tslándáil agus leis an gcobhsaíocht, lena n-áirítear bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, a atreisiú. Leagann sí béim ar an tábhacht bhunúsach a bhaineann leis an daonlathas, le meas ar chearta an duine agus ar an smacht reachta, agus le forbairt shocheacnamaíoch, ar gnéithe bunriachtanacha den Straitéis iad.
3. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ceapadh an tAmbasadóir, Peter Burian, mar Ionadaí Speisialta nua an Aontais don Áise Láir. Is é an ról atá aige gníomhú mar mheán tábhachtach d'fhonn idirphlé agus cumarsáid a dhéanamh, ar an leibhéal is airde, le tíortha na hÁise Láir, comhordú polaitiúil foriomlán an Aontais a chur chun cinn san Áise Láir agus feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar infheictheacht an Aontais sa réigiún.

4. Is maith leis an gComhairle go háirithe gur tugadh an chaibidlíocht chun críche maidir leis an gComhaontú um Chomhpháirtíocht agus um Chomhar Feabhsaithe leis an gCasacstáin agus gur cuireadh inisealacha leis. Aithníonn an Chomhairle freisin go gcuideofaí le hacmhainneacht an chaidrimh leis an gCasacstáin a fhorbairt ina hiomláine dá dtiocfadh an Comhaontú um Chomhpháirtíocht agus um Chomhar leis an Tuircméanastáin i bhfeidhm. Tugann an Chomhairle dá haire a thábhachtaí atá sé an Oifig Idirchaidrimh in Ashgabat atá ag an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a uasghrádú agus Toscaireacht lánfheidhmeach de chuid an Aontais sa Tuircméanastáin a dhéanamh di a luaithis is féidir.
5. Cuireann an Chomhairle i bhfáth go mbeidh doimhneacht an chaidrimh ag brath freisin, anois níos mó ná riamh, ar uaillmhianta agus riachtanais thíortha ar leith na hÁise Láir le go bhféadfar ár gcaidreamh déthaobhach a chur chun cinn. Cuirfidh an tAontas sa lánáireamh na difríochtaí méadaitheacha sa bhforbairt shocheacnamaíoch agus in uaillmhianta na gcúig thír sin i dtaca le dul i gcomhar leis an Eoraip. I roinnt réimsí den chomhar sin, beidh gá leis an gcothromaíocht idir gealltanais réigiúnacha agus déthaobhacha a athmheasúnú chun torthaí agus athchóirithe níos nithiúla a bhaint amach. Ba cheart leanúint de na tionscnaimh réigiúnacha agus de na hardáin chomhoibritheacha atá ann cheana, go háirithe in earnálacha a éilíonn réitigh choiteanna. Dá mbeadh níos mó solúbthachta ann ar bhonn éilimh, nár ghá i gcónaí go mbeadh cúig thír na hÁise Láir ar fad bainteach leis, d'fhéadfaí tionchar agus éifeachtacht chlár AE agus creataí comhair don tréimhse atá le teacht a neartú tuilleadh fós.
6. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir an gá atá le feabhas a chur ar na sineirgí agus ar an gcomhordú idir na gníomhaíochtaí a ghabhann gníomhaithe éagsúla AE de láimh, lena n-áirítear Ballstáit ar leith. Ba cheart ról níos feiceálaí a thabhairt do na Ballstáit sin maidir le tionscadail, idirphlé agus ardáin AE a chur chun feidhme agus maidir lena dtionchar a mheas agus a n-infheictheacht a chur chun cinn. Is samplaí maithe iad an clár le haghaidh Teorainneacha san Áise Láir a Bhainistiú agus Clár Gníomhaíochta don Áise Láir maidir le Drugaí, chomh maith leis na hardáin don chomhar réigiúnach.

7. Tugann an Chomhairle ar aird na dálaí fabhracha atá ann maidir le tuilleadh gníomhaíochta AE, a cruthaíodh leis an méadú substaintiúil ar an gclúdach iomlánaíoch le haghaidh comhoibriú déthaobhach agus réigiúnach leis an Áise Láir, don tréimhse clársceidealaithe 2014-20 (EUR 1,068 billiún; + 56 % i gcomparáid le 2007-2013). Is maith léi gur glacadh cláir ilbhliantúla tháscacha in 2014 do réigiún na hÁise Láir agus do gach tír incháilithe san Áise Láir. Le go mbeidh rath leanúnach ar an Straitéis, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear na cláir sin chun feidhme go fóna agus go héifeachtúil agus iad á mbunú ar an gclúdach iomlánaíoch méadaithe sin. Trí mheastóireacht rialta a dhéanamh ar na cláir i réimsí sonracha, áiritheofar go ndéanfar aon choigeartuithe is gá a dhéanamh.
8. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an dea-rialachas, go háirithe an gá atá le neartú a dhéanamh ar acmhainn na n-údarás áitiúil agus na riarachán poiblí agus forbairt eacnamaíoch agus shóisialta inbhuanaithe a chur chun cinn agus bainistiú léirfhollasach a dhéanamh ar acmhainní poiblí san Áise Láir. Is cuid bhunriachtanach de chobhsaíocht agus d' athléimneacht níos fadtéarmaí na dtíortha sin an fhorbairt chuimsitheach lena gcuirtear folláine gach sraithe den tsochaí chun cinn, lena n-áirítear cumhachtú na mban, agus tá AE tiomanta do thacaíocht a thabhairt dá chomhpháirtithe i ndáil leis sin. Is éard atá i gceist leis seo, ní hamháin cearta an duine a chur chun cinn sa réigiún, lena n-áirítear tríd an idirphlé faoi chearta daonna le cúig tír sin an réigiúin, ach tosaíocht bhreise a thabhairt freisin don chomhar sa Smacht Reachta i Straitéis AE. Sa chomhthéacs sin, ba cheart sineirgí agus comhpháirtíochtaí a lorg go háirithe le NA, leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) agus le Comhairle na hEorpa, lena n-áirítear lena Coimisiún sa Veinéis. Tá AE lánmheáite freisin tacú le tíortha na hÁise Láir sna straitéisí atá acu chun an chaimiléireacht a chomhrac agus cláir Eorpacha a nascadh le bearta sonracha frith-chalaoise, go háirithe trí chláir tacaíochta buiséid.

9. Ina theannta sin, déanfaidh an tAontas a chuid iarrachtaí a fheabhsú tuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra a bhaineann le cearta an duine sa réigiún, iarrachtaí lena n-áirítear an t-idirphlé leis na cúig thír a choinneáil ar bun agus a threisiú agus trí leanúint de thacaíocht fhorleathan a sholáthar le haghaidh athchóirithe. Ba cheart don Aontas aird speisialta agus tacaíocht speisialta a thabhairt do chur chun feidhme ghealltanais na dtíortha maidir leis an Athbheithniú Tréimhsiúil Uilíoch agus do staid na gcosantóirí. Áireofar ar thosaíochtaí an Aontais go háirithe cur chun cinn saoirse tionóil, saoirse comhlachais agus saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse reiligiúin nó creidimh, cearta na mban, na leanaí agus na ndaoine ar de ghrúpaí mionlacha iad agus tacú le hiarrachtaí chun an chéastóireacht a dhíothú. Trí oibriú leis an tsochaí shibhialta ar bhealach níos cuimsithí, ba cheart go mbeadh an chabhair a thugann an tAontas do chearta an duine agus don daonlathú níos éifeachtaí agus níos dírithe ar thorthaí. Tá an Chomhairle ag iarraidh go mbeadh ról níos mó ag an sochaí shibhialta san idirphlé agus sna cláir a bhaineann leis an Straitéis a chur chun feidhme.
10. Tá ról níos mó ag an Aontas i dtimpeallacht infheistíochta iontaofa agus tarraingteach a chur chun cinn, mar aon le cobhsaíocht an chreata dhlíthiúil, trédhearcacht, comhpháirtíocht shóisialta atá ag feidhmiú, agus na hidirnáise leis an lucht gnó idirnáisiúnta agus comhtháthú réigiúnach, agus tá AE ag cur, ar an gcaoi sin, leis an dul chun cinn a dhéantar in aontachas ar Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO). Ba cheart idirphlé ar leith le cuideachtaí AE a dhéanann infheistíocht i Lár na hÁise a eagrú freisin chun plé a dhéanamh ar an gcaoi inar féidir le tíortha na hÁise Láir a bheith níos tarraingtí ó thaobh infheistíocht a mhealladh ó ghnólachtaí an Aontais agus ar an gcaoi inar féidir leis an Aontas iompar gnó freagrach agus rialachas corparáideach a chur chun cinn. Cuireann an Chomhairle béim freisin ar an ngá atá le malartú taithí agus fios gnó i dteicneolaíochtaí nuálacha a mhéadú, go háirithe i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh, na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe, chun go spreagfar forbairt inbhuanaithe sa réigiún.

11. Tá roinnt dúshlán slándála ag teacht chun cinn sa réigiún agus tá siad nasctha le trodaithe eachtracha agus radacú i leith antoisceachais fhoréignigh, rud a chuireann leis na bagairtí atá ann cheana i ndáil le cobhsaíocht, ar bagairtí iad a bhaineann le díospóidí maidir le huisce agus cúrsaí teorann, le gáinneáil ar dhruaí agus le coireacht eagraithe agus le coimbhleachtaí sa réigiún mórthimpeall, go háirithe san Afganastáin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an rún daingean atá ag an Aontas tuilleadh forbairt a dhéanamh ar an idirphlé faoin slándáil réigiúnach agus dhéthaobhach le tíortha na hÁise Láir, ag áirithiú go mbeidh rannpháirtíocht níos láidre ag an Afganastáin, agus ag tógáil ar na cláir AE atá ann cheana ar éirigh leo i réimse na himirce, bhainistiú na dteorainneacha, an chomhraic i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na gáinneála drugaí, agus ag áirithiú go neartófar an comhar trasteorann freisin. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá comhordú le comhpháirtithe réigiúnacha a bhfuil baint acu le cosc a chur ar choinbhleacht agus comhordú le gníomhaíochtaí slándála amhail gníomhaíochtaí Eagraíocht na Náisiún Aontaithe um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) agus gníomhaíochtaí na Náisiún Aontaithe, go háirithe an Lárionaid Réigiúnaigh de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Taidhleoireacht Choisctheach don Áise Láir (UNRCCA).
12. Maidir le ceist íogair chomhroinnt na n-acmhainní nádúrtha, go háirithe an uisce, leagann an Chomhairle béim ar an tábhacht a bhaineann le creataí réigiúnacha idirphlé a chur chun cinn agus comhlíonadh méadaithe na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta, agus na prionsabail dlí lena rialaítear acmhainní trasteorann. Ag cur i bhfíor go láidir go bhfuil an Áise Láir thar a bheith neamhchosanta ar thubaistí nádúrtha agus íogair ó thaobh an athraithe aeráide, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar SEGS tacú le tíortha na hÁise Láir trína gcumas a threisiú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin comhshaoil, creat inbhuanaithe a chur chun cinn maidir le comhroinnt acmhainní agus laghdú rioscaí tubaistí a chomhtháthú i mbeartais ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus réigiúnach mar aon le hathléimneacht agus le hoiriúnú don athrú aeráide agus maolú air sin. Ba cheart don Aontas agus dá chuid Ballstát leanúint den tacaíocht a thugann siad do thionscnaimh réigiúnacha san earnáil sin, go háirithe an Ciste Idirnáisiúnta maidir leis an Mhuir Aral a Shábháil (IFAS).

13. Ba cheart go mbeadh príomhról ag Cláir oideachais an Aontais, go háirithe Clár Erasmus +, maidir le cuidiú le hinstiúidí na hÁise Láir acmhainní a fhorbairt, le nuachóiriú a dhéanamh agus lena a gcuid líonraí comhair agus daoine a leathnú agus chun taithí idirnáisiúnta a ghnóthú. Ba cheart scoláireachtaí chun tacú le soghluaisteacht agus comhar idir an Eoraip agus an Áise Láir a chur chun cinn tuilleadh. Trína áirithiú go mbeidh naisc idir oideachas, taighde agus nuáil, cuirfear margaí an tsaothair agus fostaíocht do dhaoine óga chun cinn tuilleadh agus cabhrófar le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe an réigiúin. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún straitéisí a cheapadh, i gcomhar le comhpháirtithe san Áise Láir, chun freagairt do dhinimic na margaí saothair agus d'athruithe i bpatrúin na n-oibríthe imirceacha chun an dífhostaíocht a laghdú tríd an bhfiontraíocht a chur chun cinn agus trí infhostaitheacht agus cumhachtú daoine óga, mná agus daoine a bhaineann le grúpaí mionlacha a chur chun cinn.
14. D'fhonn tacú le hidirnáisc níos fearr idir tíortha na hÁise Láir agus a gcomharsana béal dorais agus lena gcomhpháirtithe níos faide ó bhaile, amhail an tAontas Eorpach, cuirfidh an tAontas sineirgí réigiúnacha agus naisc le tíortha in aice láimhe san áireamh agus a Straitéis á cur chun feidhme aige agus, ar an gcaoi sin, aithníonn sé suíomh straitéiseach thíortha na hÁise Láir agus na deiseanna atá ann chun an chobhsaíocht réigiúnach a chur chun cinn trí naisc trádála níos láidre. Dá bhrí sin, molann an Chomhairle caighdeáin, taithí agus dea-chleachtais na hEorpa in earnálacha sonracha a chomhroinnt, i gcomhréir le leas agus le leibhéal uailmhéine tíortha aonair san Áise Láir.
15. I gcás na n-earnálacha iompair agus fuinnimh, ba cheart, leis an gcomhar idir an tAontas agus an Áise Láir, tosaíocht a thabhairt do chomhtháthú i measc agus idir thíortha na hÁise Láir agus do chomhtháthú na dtíortha sin sna margaí agus sna conairí idirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas de Chonair Fuinnimh an Deiscirt a leathnú chuig an Áise Láir agus de thionscnaimh iltaobhacha fuinnimh an Aontais a chur chun cinn tuilleadh. Ina theannta sin, tá an tAontas ullamh chun tacú le forbairt an fhuinnimh in-athnuaite agus na héifeachtúlachta fuinnimh an Áise Láir, lena n-áirítear trí tharaifí fuinnimh a ghearradh lena léireofar costais chun go spreagfar daoine le húsáid réasúnach a bhaint as an bhfuinneamh. Tá an tAontas réidh chun an taithí agus an t-eolas atá aige a chur ar fáil chun caighdeáin ard sábháilteachta, slándála agus chomhshaoil a chur chun cinn sna modhanna iompair uile agus chun naisc a éascú feadh chonair iompair an Eoraip-réigiún Cugais-an Áise. Ba cheart go ndéanfar forbairt ar shineirgí atá ann cheana leis na tionscnaimh ábhartha i gelár na Comharsanachta trí chomhar fuinnimh agus iompair leis an Áise Láir.

16. Ba cheart don Aontas leanúint d'fheabhas a chur ar na hiarrachtaí atá á dhéanamh aige chun idirphlé leis na heagraíochtaí ábhartha réigiúnacha agus idirnáisiúnta a chur chun cinn, go háirithe ESCE, Comhairle na hEorpa, na Náisiúin Aontaithe agus eile, chomh maith le comharsana thíortha na hÁise Láir agus stáit eile atá gníomhach sa réigiún, d'fhonn teacht ar shineirgí idir na beartais agus na tionscnaimh faoi seach atá againn maidir le saincheisteanna amhail an tslándáil, an t-idirnascacht, an t-iompar, an fuinneamh agus an fhorbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear deiseanna a eascróidh as tionscnaimh de chuid "bhóthar an tsíoda".
17. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí dá chuspóirí straitéiseacha san Áise Láir agus, mar a leagtar amach i Straitéis na hÁise Láir é, aird chuí á tabhairt ar dhálaí atá ag athrú agus ag cur lena baineadh amach le hocht mbliana anuas. I bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar an difreáil sa réigiún agus d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na réimsí tábhachtacha a shonraítear sna Conclúidí seo, molann an Chomhairle do SEGS agus don Choimisiún tograí a thíolacadh chun an Straitéis a chur chun feidhme go héifeachtach i gcomhréir leis na riachtanais le haghaidh comhpháirtíocht athnuaite leis an réigiún.
-